

eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn



CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta:
don Roinn Oideachais
don Roinn Fostaíochta agus Foghlama
don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóilliochta



INRHEISTEOR IN DAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Tuairisc ar Chigireacht Leantach

**Naíscoil Bheann Mhadagáin
Béal Feirste**

Dáta na Cigireachta: Feabhra 2008

TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL BHEANN MHADAGÁIN, BÉAL FEIRSTE, BT14 6HP (1BB-0016)

Sa chigireacht ar Naíscoil Bheann Mhadagáin tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí san éiteas agus sa dóigh ar úsáid an fhoireann an Ghaeilge le deiseanna foghlama a thabhairt do na páistí; aithníodh forsta gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- an clár ama laethúil a athbhreithniú chun tréimhsí súgartha is faide, gan aon chur isteach, a thabhairt do na páistí;
- clár súgartha fhisicigh a sholáthar a bhfuil tuilleadh dúshlán agus dul chun cinn ann; agus
- eagair is éifeachtaí a chur ar na grúpsheisiúin scéalaíochta agus rannaíochta.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na athruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:

- bhí ráta ard athraithe san fhoireann;
- ceapadh iarchúntóir naíscole ina ceannaire gníomhach sealadach i Meán Fómhair 2007;
- bhí roinnt saineolaithe oideachais luath-óige ag cuidiú leis an ionad ar a seal agus ceapadh an saineolaí atá anois ann i Mí na Samhna 2007;
- tháinig laghdú ar líon na bpáistí réamhscoile ó 20 páiste, a bhíodh i seisiún maidine agus trathnóna, go dtí naonúr atá i seisiún fadaithe maidine;
- daingníodh an áit súgartha amuigh faoin spéir ó cuireadh fálú agus geataí nua ina timpeall; agus
- ceannaíodh acmhainní breise le forbairt a dhéanamh ar an chlár le haghaidh súgradh fisiceach.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uайдh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 4 Feabhra 2008 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d'éisigh as an chuairt i Mí Feabhra 2007. Fuarthas fianaise ón chéad chuairt faireacháin a chuir in iúl go raibh meath i ndiaidh teacht ar chaighdeán an tsoláthair oideachais agus nár leor an cúnamh ón saineolaí oideachais luath-óige.

Tá túis curtha leis an obair chun na hacmhainní le haghaidh súgradh fisiceach a fheabhsú, tá tuilleadh ama curtha leis an tréimhse fhadaithe súgartha gan cur isteach ar na páistí, agus cruthaíodh nuachtlitir mhíosúil do na tuismitheoirí. Mar sin féin, tá caighdeán an tsoláthair le haghaidh luathfhoghlama agus caighdeán foghlama na bpáistí i ndiaidh titim ó rinneadh an bhunchigireacht agus tá dóigh bhocht orthu. Níl plean forbartha ag an ionad réamhscolaíochta.

Níl chreideann an Chigireacht go bhfuil an cheannaireacht agus an bhainistíocht atá anois ann i gcumas an feabhsúchán buan, atá riachtanach, a thabhait i gcríoch.

Cuireadh an tuarascáil seo ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais lena shocrú cén beart is cuí le déanamh.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina ionmláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk